

## **GAELSCOIL EOGHAIN UÍ THUAIRISC** **POLASAÍ TIMPISTE/GORTÚ/TINNIS**

Má bhíonn timpiste nó má ghortaítear páiste agus iad ar scoil nó más páirteach i ngníomhachtaí scoile dóibh, is gnáthach go dtabharfaí cúnamh don pháiste m.sh. an créacht a ghlanadh nó bindealán (plaster) a chur air.

Má cheaptar go bhfuil an gortú níos dáiríre ná sin, cuirtear scéal chuig tuismitheoirí an pháiste ionas gur féidir leo comhairle leighis a lorg, más dóigh leo gur oiriúnach a leithéid a dhéanamh.

Nuair atá sé soiléir go bhfuil gá le haire leighis go práinneach, d'fhéadfaí go mbeadh gá go dtabharfadh ball foirne, in éineacht le ball foirne eile, an páiste chun an dochtúra nó chun an ospidéal nó fios a chur ar na Seirbhísí Éigeandála má cheaptar gur oiriúnach a leithéid a dhéanamh. Má thugann ball foirne páiste chun an dochtúra nó chun an ospidéal, glactar leis go bhfuiltear á dhéanamh ar leas an pháiste agus dá bharr, ní freagracht i leith na timpiste nó i leith an ghortú don pháiste á glacadh aige/aici.

Líonann an múinteoir a bhí ag plé leis an eachtra Foirm Timpiste i gcás thimpistí nó ghortaithe nach mion thimpistí nó mion ghortaithe iad. Tugtar na foirmacha seo don phríomhoide agus coiméadtar in oifig an phríomhoide iad. Nuair a cheaptar gur ghá, cuirtear comhlacht árachais na scoile ar an eolas faoi.

### **TINNEAS**

Iarrtar ar thuismitheoirí gan páiste atá tinn a sheoladh ar scoil, ar son chompórd an pháiste féin. Nuair a chuireann ball foirne scéal chuig oifig na scoile go bhfuil an páiste ró-thinn le fanacht ar scoil, cuireann an scoil scéal chuig na tuisitheoirí go bhfuil an páiste tinn.

### **BORD SLÁINTE**

Ó am go ham, cuireann an Bord Sláinte scagadh/scrúdú leighis ar fáil do dhaltaí scoile m.sh. radharc, éisteacht. Ina theannta sin, soláthraíonn an Bord Sláinte imdhíonachtaí teandáileoigeachta do ghalair ardcheannsacha pháistí. D'fhéadfaí foirmeacha ceadaithe a sheoladh abhaile roimh scagadh nó teandáileoigeachta mar seo. Cé go ndéanann an scoil comhoibriú leis an mBord Sláinte, ní ghlacann sí freagracht má bhíonn eolas ar iarraidh, cailte nó gan a bheith tugtha. Tá sé de cheart ag an scoil gan eolas a chur ar fáil don Bhord Sláinte i gcás go bhfuil an t-eolas faoi rún don scoil amháin nó nach bhfuil sé ar a cumas cabhrú leis an mBord Sláinte.

Bhí athbheithniú déanta ar an bpolasaí seo i Mí na Samhna 2013 agus glacadh leis. Ina dhiaidh sin, cuireadh ar fáil é do bhaill an phobail scoile.